



## SONRÚCHÁN POIST

### Cúntóir Taighde

### Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

### Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

### Conradh ar Théarma Seasta suas le 3 bliana

#### Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ([www.dcu.ie](http://www.dcu.ie)) a bhfuil de mhisean aici 'an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht'. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar 'Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe', agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn. D'ainmnigh *The Sunday Times* DCU mar Ollscoil Éireannach na Bliana in 2021.

Tá an Ollscoil lonnaithe ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon agus Droim Conrach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá breis agus 18,000 mac léinn cláraithe sna cúig Dhámh inti – Eolaíocht agus Sláinte, Scoil Ghnó DCU, Ríomhaireacht agus Innealtóireacht, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus Institiúid Oideachais DCU. Tá DCU tiomanta don fheabhas ina cuid gníomhaíochtaí uile. Léirítear sin trí na tionscnaimh thaighde ardscotha, a cur chuige ceannródaíoch um theagasc agus foghlaim, an bhéim a leagtar ar eispéireas claochlaitheach a chruthú dá cuid mac léinn, agus a dea-thionchar sóisialta agus eacnamaíoch. De thairbhe thiomantas sin na foirne acadúla agus na mac léinn, rangáitear DCU i measc an 2% is fearr d'ollscoileanna an domhain. Luaitear go rialta í i measc an 100 Ollscoil Óg ar domhan (sa *QS Top 70 Under 50* agus *Times Higher Top 150 Under 100* faoi láthair).

Sa *Times Higher Education University Impact Rankings*, rangáitear DCU san 84ú háit ar domhan – rangú ina meastar an chaoi a gcuireann institiúidí ardoideachais le Cuspóirí na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Le deich mbliana anuas, tá DCU ar thús cadhnaíochta i measc ollscoileanna na hÉireann i réimse aistriú na teicneolaíochta, i bhfianaise cheadúnú na maoine intleachtúla.

#### Forléargas: Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

Is grúpa taighde é Gaois a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhisean ag Gaois acmhainní iontaofa nuálaíocha a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú. Tá eolas faoi na tionscadail éagsúla atá faoi chúram Gaois le fáil ag [www.gaois.ie](http://www.gaois.ie).

#### Cúlra agus Próifíl an Róil

Is deis iontach é seo a bheith páirteach i sraith tionscadal taighde a bhfuil sé de sprioc acu acmhainní digiteacha den chéad scoth a fhorbairt do lucht labhartha na Gaeilge. Beidh an té a cheapfar ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den teangeolaíocht

chorpais, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Oibreoidh an cúntóir taighde go dlúth le baill foirne Gaois agus lena chuid páirtnéirí taighde chun spriocanna na dtionscadal atá á reáchtáil acu a bhaint amach. Beidh an cúntóir taighe freagrach do Phríomh-Imscrúdaitheoirí na dtionscadal éagsúil agus do Cheann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge. Cuirfear tús leis an ról seo ag tús mhí Eanáir 2022.

#### **Dualgais agus Freagrachtaí**

- Gnáthobair eagarthóireachta a dhéanamh ar thionscadail Gaois
- Sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe agus in imeachtaí poiblíochta de réir mar is gá
- Tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn

#### **Riachtanais an Iarrthóra**

##### **Riachtanach:**

- Bunchéim onóracha sa Ghaeilge nó i réimse gaolmhar cuí
- Ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge labhartha agus scríofa\*

\*D'fhéadfadh scrúdú Gaeilge a bheith mar chuid den phróiseas iarratais.

##### **Inmhianaithe:**

- Taithí riaracháin
- Bunscoilleana ríomhaireachta
- Bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach mar chuid de fhoireann
- Bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- Bheith inniúil ar thaighde a chur i gcrích

#### **Oiliúint Éigeantach**

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (GDPR). Féadfaidh gur gá tabhairt faoi oiliúint eile nuair is cuí.